CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2022/1315 ÓN gCOMHAIRLE

an 26 Iúil 2022

lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh (CBES) 2015/1333 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2015/1333 ón gComhairle an 31 Iúil 2015 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2011/137/CBES ([1]), agus go háirithe Airteagal 12(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Iúil 2015, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2015/1333.

(2) De bhun Airteagal 17(2) de Chinneadh (CBES) 2015/1333, tá athbhreithniú déanta ag an gComhairle ar liostaí na ndaoine agus na n-eintiteas ainmnithe a leagtar amach in Iarscríbhinní II agus IV a ghabhann leis an gCinneadh sin.

(3) Is é tátal na Comhairle gur cheart an iontráil do dhuine amháin a d'éag a scriosadh, agus gur cheart na bearta sriantacha atá dírithe ar gach duine eile agus ar gach eintitis eile atá ar na liostaí a leagtar amach in Iarscríbhinní II agus IV a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/1333 a choinneáil ar bun. Ina theannta sin, ba cheart an ráiteas ar na cúiseanna agus an fhaisnéis maidir le beirt a shainaithint a nuashonrú.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2015/1333 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní II agus IV a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/1333 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 26 Iúil 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. SÍKELA

([1]) IO L 206, 1.8.2015, lch. 34

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2015/1333 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn II, (Liosta na ndaoine agus na n-eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 8(2)), leasaítear Cuid A (Daoine) mar a leanas:

(a) scriostar iontráil 17 (a bhaineann le AL-WERFALLI, Mahmoud Mustafa Busayf);

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 19 (a bhaineann le PRIGOZHIN, Yevgeniy Viktorovich):

"19.	Yevgeniy Viktorovich PRIGOZHIN (Евгений Викторович Пригожин)	Dáta breithe: 1 Meitheamh 1961 Áit bhreithe: Leningrad, iarUSSR (St. Petersburg, Russian Federation anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is fear gnó Rúiseach é Yevgeniy Viktorovich Prigozhin a bhfuil dlúthnaisc aige, lena n-áirítear ó thaobh airgeadais de, leis an Wagner Group, eintiteas míleata príobháideach neamhchorpraithe atá bunaithe sa Rúis. Ar an gcaoi sin, tá Prigozhin páirteach i ngníomhaíochtaí Wagner Group sa Libia agus tugann sé tacaíocht dóibh, gníomhaíochtaí a chuireann síocháin, cobhsaíocht agus slándáil na tíre i mbaol. Go háirithe, tá Wagner Group páirteach i sáruithe iomadúla agus leantacha ar an trádbhac arm sa Libia a bunaíodh le Rún 1970 (2011) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus a trasuíodh in Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2015/1333, lena n-áirítear airm a sheachadadh agus amhais a imscaradh sa Libia chun tacú leis an Libya National Army. Ghlac Wagner Group páirt in oibríochtaí míleata iomadúla i gcoinne an Government of National Accord a d'fhormhuinigh na Náisiúin Aontaithe agus chuidigh sé le dochar a dhéanamh do chobhsaíocht na Libia agus leis an mbonn a bhaint de phróiseas síochánta.	15.10.2020"

(2) in Iarscríbhinn IV, (Liosta na ndaoine agus na n-eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 9(2)), leasaítear Cuid A (Daoine) mar a leanas:

(a) scriostar iontráil 22 (a bhaineann le AL-WERFALLI, Mahmoud Mustafa Busayf);

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 17 (a bhaineann AL QADHAFI, Quren Salih):

"17.	Al QADHAFI, Quren Salih Quren ar a dtugtar freisin: Akrin Akrin Saleh, Al Qadhafi Qurayn Salih Qurayn, Al Qadhafi Qu'ren Salih Qu'ren, Salah Egreen	Inscne: fireann	Iar-Ambasadóir na Libia chuig Sead. D'fhág Sead le dul go Sabha. Bainteach go díreach le hamhais a earcú agus a chomhordú do réimeas Muammar Qadhafi nach maireann. Dlúthbhaint aige le réimeas Muammar Qadhafi tráth.	12.4.2011"

			Comhalta den Popular Front for the Liberation of Libya (PFLL), mílíste agus páirtí polaitiúil dílis do Muammar Qadhafi nach maireann. Baint a bheith aige leis an mbonn a bhaint d'aistriú polaitiúil na Libia a thabhairt chun críche go rathúil trí chur i gcoinne na Náisiún Aontaithe agus an bonn a bhaint den phróiseas polaitiúil arna éascú ag na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear Libyan Political Dialogue Forum (LPDF), agus ar an gcaoi sin baol leanúnach a bhí ann do shíocháin, do chobhsaíocht agus do shlándáil na Libia.	

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 24 (a bhaineann le PRIGOZHIN, Yevgeniy Viktorovich):

"24.	Yevgeniy Viktorovich PRIGOZHIN (Евгений Викторович Пригожин)	Dáta breithe: 1 Meitheamh 1961 Áit bhreithe: Leningrad, iarUSSR (St. Petersburg, Russian Federation anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is fear gnó Rúiseach é Yevgeniy Viktorovich Prigozhin a bhfuil dlúthnaisc aige, lena n-áirítear ó thaobh airgeadais de, leis an Wagner Group, eintiteas míleata príobháideach neamhchorpraithe atá bunaithe sa Rúis. Ar an gcaoi sin, tá Prigozhin páirteach i ngníomhaíochtaí Wagner Group sa Libia agus tugann sé tacaíocht dóibh — gníomhaíochtaí a chuireann síocháin, cobhsaíocht agus slándáil na tíre i mbaol. Go háirithe, tá Wagner Group páirteach i sáruithe iomadúla agus leantacha ar an trádbhac arm sa Libia a bunaíodh le Rún 1970 (2011) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus a trasuíodh in Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2015/1333, lena n-áirítear airm a sheachadadh agus amhais a imscaradh sa Libia chun tacú leis an Libya National Army. Ghlac Wagner Group páirt in oibríochtaí míleata iomadúla i gcoinne an Government of National Accord a d'fhormhuinigh na Náisiúin Aontaithe agus chuidigh sé le dochar a dhéanamh do chobhsaíocht na Libia agus leis an mbonn a bhaint de phróiseas síochánta.	15.10.2020"